


COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



Bainistíocht Léiriúcháin agus Cúrsaí Dlí

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- an fheidhm atá le hordbhileoga, sceidil scannánaíochta, liostaí fearas stáitse, pleananna urláir agus liostaí seatanna a shainaithint agus a mhíniú; agus
- eolas agus tuiscint a léiriú ar na cúrsaí dlí a bhaineann le scannán a léiriú i dtaca le cóipcheart ealaíne agus tríú páirtí agus cúrsaí toilithe de (agus obair le páistí san áireamh).

Inneachar an Chúrsa

Ordbhileoga

Is doiciméad an-tábhachtach i léiriú scannán Ordbhileog agus tugtar ceann do gach ball d'fhoireann na n-aisteoirí agus do gach ball den chriú roimh scannánú an lá arna mhárach. Cuimsíonn an doiciméad seo, a ndéantar achoimre air go leathanach amháin de ghnáth, eolas tábhachtach teagmhála do bhaill na foirne agus an chriú atá páirteach agus sonrúidh sé amanna tosaithe do scannánú an lae. Cuimseoidh siad seo Am Glaoite an aonaid – an t-am ar chóir don chriú a bheith ar an láthair le tosú ar na hullmhúcháin don scannánú, am S/F – an t-am ar chóir d'aisteoirí a bheith ag plé le Smideadh/Feisteas agus Am Seit – an t-am ar chóir d'aisteoirí a bheith ar an tseit, faoi fheisteas agus réidh le scannánú. Beidh eolas eile tábhachtach ar an Ordbhileog chomh maith mar thuar na haimsire má tá scannánú le déanamh taobh amuigh agus seoladh oifig an léiriúcháin agus an láthair nó na láithreacha a bheidh in úsáid.

Ba chóir go gcuimseodh sí fosta eolas le húsáid i gcás éigeandála mar ainm, uimhir ghutháin agus seoladh an ospidéil is cóngaraí.

I ndeireadh báire, beidh liosta déanta de nótaí tábhachtacha faoi Riachtanais ar leith Seit, mar riachtanais éachta nó maisíochtaí, riachtanais iompair, cúrsaí fearas stáitse agus seirbhísí eile mar thraenáilaithe ainmhithe (más riachtanach).

Is sampla beacht Ordbhileog Aguisín 1 den leagan amach agus den eolas is gnách a bheith ina leithéid de dhoiciméad.

Sceidil Scannánaíochta

Is doiciméad mionsonraithe léiriúcháin é Sceideal Scannánaíochta a ullmhaíonn an Chéad Stiúrthóir Cúnta. Bíonn an t-eolas uilig atá riachtanach ann faoin tsiút iomlán, lena n-áirítear na radhairc a scannánófar, an lá a scannánófar iad agus na haisteoirí, na láithreacha, an fearas stáitse etc. a bheidh de dhíth. Is féidir an sceideal a athrú sa réamhléiriú más éigean, ach aon uair amháin atá sé críochnaithe, féachann gach duine le cloí leis. Ní féidir athrach ar bith a dhéanamh ar an léiriúchán ná smaoineamh air gan an sceideal a chur san áireamh. Tá formáid seanbhunaithe, atá furasta a leanúint, ar an Sceideal Scannánaíochta agus tugtar cóip de don Léiritheoir, don Stiúrthóir, don fhoireann aisteoirí agus do gach duine a bhfuil baint acu leis an scannán.

Is sampla beacht Sceideal Scannánaíochta Aguisín 2 den leagan amach agus den eolas is gnách a bheith ina leithéid de doiciméad.

Liostaí Fearas Stáitse

Tá chóir a bheith gach rud atá le feiceáil ar scáileán i scannán, diomaite de na haisteoirí agus d'aon mhaisíochtaí fise, sa chatagóir a dtugtar Fearas Stáitse uirthi. Tagraíonn an téarma 'Fearas Stáitse' d'aon earra i radharc a bhféadfadh na haisteoirí baint dó nó lámh a leagan air nó úsáid a bhaint as. Tá raicéid leadóige, clóscríobhán, cupaí caife nó aon earraí atá rithábhachtach do radharc agus a láimhseoidh aisteoir, sa chatagóir seo.

Nuair atá scannánaíocht ar siúl, is é Máistir an Fhearais Stáitse an ball den chriú atá freagrach as an fhearas stáitse uilig atá de dhíth a chatalógú agus liosta a dhéanamh díobh. Le cuntas a choinneáil ar na hearraí seo, caithfidh siad Liostaí Fearas Stáitse a chruthú, doiciméid ina bhfuil liostaí den fhearas stáitse uilig atá de dhíth do scannánaíocht an lae sin.

Caithfidh liosta d'eolas tábhachtach ar an earra a bheith ar Liosta an Fhearais Stáitse, mar an radharc a bhfuil sé le húsáid ann, an t-aisteoir a bhainfidh úsáid as agus nótaí ar riachtanais an fhearais stáitse. Mar sin de, má luaitear scáthán láimhe, mar shampla, ar liosta fearas stáitse, ba chóir go gcuirfí in iúl an leathanach den script a bhfuil sé air, cén carachtar a bheidh á láimhseáil agus cé acu atá aire ar leith de dhíth air nó nach bhfuil, amhail snasú.

Ba chóir go mbeadh liosta il-leaganacha d'fhearais stáitse ann i Liosta an Fhearais Stáitse, más

riachtanach é. I Liosta an Fhearais Stáitse samplach in Aguisín 3 a áirítear anseo, tá sé le feiceáil go bhfuil dhá Ghunna Léasair ar an liosta.

Is 'Fearas Laoich' feidhmiúil ceann acu – is ionann sin agus a rá gur fearas stáitse é a dearadh go sainiúil le go bhfeicfí gar-amhairc é. Is 'Fearas Éachta' an ceann eile – cóip nach bhfuil chomh mionsonraithe atá le húsáid i seatanna ina mbíonn an t-aisteoir ag déanamh rudaí, amhail rith agus an t-arm ar iompar leis.

Pleananna Urláir

Le cuidiú leat do shiút a phleanáil, is minic a bhíonn sé riachtanach Plean Urláir a chruthú. Is léaráid measartha simplí lastuas é seo a thaispeánann suíomh pleanáilte na n-aisteoirí ar an tseit agus suíomhanna éagsúla na gceamaraí a dhéanfaidh iad a scannánú.

Is féidir le húsáid Phlean Urláir cuidiú le leanúnachas stiúrthóireachta a chinntiú agus ligean don stiúrthóir na seatanna a bheidh de dhíth agus an t-ord is fearr a oibriú amach le hiad a scannánú.

Ba chóir go dtabharfadh Plean Urláir samplach Aguisín 4 barúil áirithe duit den chuma atá ar na doiciméid seo.

Liostaí seatanna

Is liosta de na seatanna a bheidh de dhíth do sheisiún scannánaíochta Liosta Seatanna. Ba chóir don liosta seo a bheith leagtha amach mar shraith colún agus ba chóir go mbeadh eolas ann mar Uimhir an tSeat, an Cineál Seat, cur síos bunúsach ar an aicsean sa tseat agus an méid ama atá tugtha do gach seat.

Ar shiút scannáin, ba chóir go mbeadh a Liosta Seatanna tiomnaithe féin ag gach lá scannánaithe. Ba chóir go bhféachfadh Stiúrthóir agus a chriú/a criú le gach ceann de na seatanna sin a scannánú taobh istigh dá lá oibre.

Ba chóir go dtabharfadh Liosta Seatanna samplach Aguisín 5 barúil áirithe duit den dóigh a n-oibríonn na doiciméid seo. Tchífidh tú go bhfuil dhá cholún ann go bunúsach ina bhfuil liostaí d'uimhreacha na seatanna.

Sa chéad cholún (Líon Laethúil Seatanna) tá liosta de na seatanna san ord ina ndéanfar iad a scannánú. In amanna, beidh sé níos fusa na

seatanna a dhéanamh as an tseicheamh seo. Mar sin de, mar shampla, mura bhfuil aisteoir fá réir ach ar feadh chúpla uair an chloig an lá sin, b'fhéidir gur chéillí a seatanna gar-amhairc uilig a scannánú de chéaduair.

Sa darna colún tá liosta de na seatanna de réir na n-uimhreacha a tugadh dóibh sa Scéalchlár agus sa Script Scannánaithe.

Cúrsaí Dlí

Cóipcheart

Is féidir gurb é coincheap an chóipchirt an ghné is tábhachtaí den dlí a bhaineann le léiriú scannán. Is é cóipcheart an ceart dlíthiúil cosc a chur ar dhaoine eile obair duine eile a chóipeáil nó a atáirgeadh. Agus tú ag amharc ar na creidiúintí ag deireadh scannáin ar bith, is é fógra cóipchirt an téacs deireanach a tchífidh tú de ghnáth. Ainmneofar úinéir an chóipchirt anseo in éineacht le bliain an léirithe agus de ghnáth beidh siombal an chóipchirt, (©), ann chomh maith.

Tá dhá phríomhchineál cóipchirt ann:

- **Cóipcheart Ealaíne** a thagraíonn do chruthú bunsaothar, bíodh siad ina scannáin, ina n-amhráin, ina ngrianghraif nó ina leabhair. Féadfaidh údar nó cruthaitheoir aonair cóipcheart a bheith aige ar shaothar. I gcás príomhscannán, is gnách leis an chóipcheart a bheith go hiomlán ag an stiúideo a choimisiúnaigh an saothar.
- **Cóipcheart Tríú Páirtí** a thagraíonn do shaothair nach leat féin a gcóipcheart agus a chaithfeá a cheadúnú ón mhuintir ar leo an cóipcheart. Mar shampla, más mian le Stiúrthóir úsáid a bhaint as amhrán atá ann cheana féin i scannán, caithfidh an Léiritheoir cead a iarraidh ar an té ar leis an cóipcheart ar an cheol sin.

Éiríonn saincheisteanna cóipchirt tríú páirtí fosta más mian le stiúrthóir úsáid a bhaint as sleachta as scannán eile nó íomhánna nó grianghraif a chruthaigh daoine eile a thaispeáint.

Toiliú Taibheora

Nuair atá scannán á dhéanamh, is rithábhachtach a chinntiú go dtoilíonn gach taibheoir ar scáileán a bheith scannánaithe agus a n-íomhánna a bheith atáirgthe. Gan an toiliú sin, ní féidir le déantóir scannán an scannán críochnaithe a chur ar scáileán ná a dháileadh go dleathach.

I ndeireadh na dála, tá an Léiritheoir freagrach as a chinntiú go ndearbhaíonn gach taibheoir atá páirteach i scannán a dtoiliú trí Fhoirm Cheada a shíniú.

Má tá taibheoirí ar bith nach bhfuil lánfhásta go fóill, níl cead ach ag tuismitheoir nó ag caomhnóir dlíthiúil a Fhoirm Cheada a shíniú.

Caithfidh taibheoirí ata faoi 18 mbliana d'aois a bheith maorsithe le linn scannánaithe ag duine fásta atá ceadaithe ag a dtuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil.

Aguisín 1

Léiritheoir Feidhmiúcháin: Lew Lord Léiritheoir: Ingrid Buckley Stiúrthóir: Frank Nixon Bainisteoir Léiriúcháin: Astrid Cox Comhordaitheoir Léiriúcháin: Gunther Kennedy 1ú Stiúrthóir Cúnta: Betsy Monaco	BUZZKILL	DÁTA: 23ú Samhain 2014 EOLAS TOINTEÁLA: N/B
AIMSIR: Taobh Istigh Fearas Garchabhrach agus múchtóir tine ag tábla na ceardaíochta	AM GLAOITE 08:00 Seiceáil an ghreille le haghaidh amanna aonair glaoite	LÓN 12:30

#	Cliar	Ról	Am Glaoite	Am Bailithe	S/F	Glaoch Seit
1	Michael Fakename	Dúnmharfóir	8am	7.30am	8.45am	9.15am
2	Laura De Plume	Bean	8am	N/B	8.15am	8.30am
3						

Oifig Léiriúcháin	An tOspidéal is Deise don tSeit
Scannáin Mhiorúile, 233 Lána Bréige, Londain, SG1 2YA. Guthán: 0200 45678	Ospidéal Áite, Dorcha, Bealach an Timpealláin, Oirthear Cheam, EZ5 2RA. Guthán: 0100 23456

LÁITHREACHA

#	Láthair	Seoladh	Páirceáil	Teagmháil
1	223 Gearrthacha Iamróid	Oirthear Cheam EZ4 2RA	Páirceáil Sráide ar aghaidh an tí	Anthony Hancock

Radharc agus Cur Síos	Cliar	Leathanaigh	Láthair
RADHAIRC SA SEOMRA FOLCTHA AGUS SA HALLA	1&2	1-2	TEACH
		LÍON IOMLÁN LEATHANACH: 2	

Aguisín 1 (Ar lean)

RIACHTANAIS SEIT			
Fearas Stáitse: CÚIRTÍN CITHFHOLCADÁIN, CUAILLE, SCEANA, CÍORA, CÍORA FEARAS STÁITSE, Teirmiméadair Feola Fearas Stáitse, Plátaí bréige			
Maisíochtaí Speisialta: CÍORA FEARAS STÁITSE, FUIL BHRÉIGE, Caidéal fola			
Feithiclí: N/B			
Feisteas: RÓBAÍ, MAISC			
Smídeadh: Fuil Bhréige			
Cóiriú Seit: CÓIRIÚ CITHFHOLCADÁIN – Bain earraí luachmhara ón Chistin, cuir síos brat plaisteach do na seatanna fuilteacha FX			
Maor Ainmhithe: N/B			
Éachtaí: TITIM AMHÁIN			
Léiritheoir AINM: INGRID BUCKLEY GUTHÁN: 02890 261200	Bainisteoir Léiriúcháin AINM: ASTRID COX GUTHÁN: 02890 261200	Comhordaitheoir Léiriúcháin AINM: GUNTHER KENNEDY GUTHÁN: 02890 261200	1ú Stiurthóir Cúnta AINM: BETSY MONACO GUTHÁN: 02890 261200

Aguisín 2

BAILL CLÉIRE
Ri. Ridley
Bu. Butler
Ja. Jake
Ke. Kelly
Fr. Frank

BUNGEE					
SCEIDEAL SCANNÁNAÍOCHTA					
BUNAITHE AR DHRÉACHT 3 DEN SCRIPT SCANNÁNAÍOCHTA					
SEACHTAIN 1 ÉIRÍ GRÉINE 06:35/LUÍ GRÉINE 18:43					
Lá 1 de 12 lá Dé Luain 29ú Lúnasa 07:15 – 19:00					
Radharc: 30	AMGH Lá	FORAOIS – TINE CHAMPA – Siúlann Ridley fhad le puball Cox	PG CT 2/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja, Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 31	AMGH Lá	FORAOIS – BALLÓG TÍ BHIG – Scrúdaíonn Butler an bhallóg	PG CT 2/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja, Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 32	AMGH Lá	FORAOIS – TOBAR – Machnaíonn Frank ar an tobar	PG CT 2/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja, Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 33	AMGH Lá	FORAOIS – LÁTHAIR CHAMPÁLA – Tá Ridley ag cócaireacht ar an tine	PG CT 2/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja, Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 34	IST Lá	AN PUBALL – Tchí Cox ceolbhosca Ridley	PG CT 3/ 8 lgh	Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 35	AMGH Lá	FORAOIS – TOBAR – Déanann Kelly ionsaí ar Frank	PG CT 2/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja	Lá Scripte
Radharc: 36	AMGH Lá	FORAOIS – LÁTHAIR CHAMPÁLA – Cluineann Jake an troid	PG CT 2/ 8 lgh	Ja	Lá Scripte
Radharc: 37	AMGH Lá	FORAOIS – TOBAR – Troideann siad os cionn an tobair	PG CT 4/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja	Lá Scripte
Radharc: 38	AMGH Lá	FORAOIS – LÁTHAIR CHAMPÁLA – Cuirtear isteach ar Cox Tugann Ridley aghaidh uirthi	PG CT 1/ 8 lgh	Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 39	AMGH Lá	FORAOIS – TOBAR – Ligeann Butler dá chompás titim sa tobar	PG CT 3/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja	Lá Scripte
Radharc: 40	AMGH Lá	FORAOIS – LÁTHAIR CHAMPÁLA – Cluineann Butler an troid	PG CT 1/ 8 lgh	Co, Ri	Lá Scripte
Radharc: 41	AMGH Lá	FORAOIS – TOBAR – Scaoileadh Frank	PG CT 3/ 8 lgh	Bu, Fr, Ja, Co	Lá Scripte
Deireadh le Scannánú Lá 1 – Dé Luain, 29 Lúnasa, 2012 – 6 5/8 Leathanaigh					

Aguisín 3

BUNGEE				
Liosta Iarratais Fearas Stáitse				
AINM AN STIÚRTHÓRA: Frank Nixon				
Earra	Lch	Cur Síos	Aisteoir/ Láthair	Nótaí
Raicéad Leadóige	4	Raicéid leadóige seanaimseartha ó na 1930idí a bhfuil hanlaí adhmaid orthu	Bob/Cúirt Leadóige	Caithfidh sé a bheith feidhmiúil ar fad, freastalaíonn an t-aisteoir liathróid leadóige le linn an radhairc
ZX81	5	Ríomhaire Baile ó na luath 80idí	Kate/Seomra leapa	Caithfidh sé a bheith feidhmiúil
Teilifís Iniompartha ó na 1980idí	5	Baintear úsáid as an teilifís leis an ríomhaire	Kate/Seomra leapa	Caithfidh sé a bheith feidhmiúil
Cruinneog shneachta	5	Cruinneog shneachta sheanaimseartha	Kate/Seomra leapa	Caithfidh cuma úmua a bheith uirthi agus an gloine a bheith sárshnasta
Bosca bronntanais	5	Bosca bronntanais le Bogha	Kate/Seomra leapa	Caithfidh sé a bheith mór go leor don chruinneog shneachta
Clograidíó Aláirim ar stíl na 1980idí	6	Clograidíó Aláirim le hasléamh taispeána leachtchriostail (LCD)	Kate/Seomra leapa	Caithfear a athshocrú do 6.00am ag tús gach téic
Gunna Léasair (Fearas Laoich)	6	Arm léasair neamhshaoilta (fearas laoich)	Zorg/Cúirt Babhlála	Fearas laoich do sheatanna teanna. Caithfidh ceallraí AA breise a bheith ann le cumhacht a sholáthar do na solais
Gunna Léasair (Fearas Éachta)	6	Arm léasair neamhshaoilta (fearas éachta rubair)	Zorg/Cúirt Babhlála	Cóip déanta de rubar soladach le húsáid nuair atá Zorg ag rith


Aguisín 4

PLEAN URLÁIR

“THE TALKATIVES”

RADHARC 31

Nótaí: Éadach bláthbhreac tábla ar an tábla. Torann statach físeáin ar an teilifís. Solas nádúrtha ón fhuinneog



Baineann an radharc atá á scannánú anseo le comhrá idir beirt charachtar, Jessie agus Suzanne. Déantar an radharc a scannánú ar seit agus tá suíomh gach rud ó na carachtair go príomhfhearais stáitse mar an tábla agus an teilifís marcáilte go soiléir ar an phlean urláir. Cuireann an plean urláir in iúl dúinn fosta an áit a mbeidh na solais suite agus na gluaiseachtaí ceamara agus na suíomhanna ceamara a bheidh de dhíth.

Aguisín 5

LIOSTA SEATANNA				
Léiriú: “Bungee”				
Scannánú Lá 5 as 15 Leathanach 1 as 1				
Stiúrthóir: Frank Nixon/Stiúrthóir Grianghrafadóireachta: Martina Spahn				
Uimh. Laethúil an tSeat	Uimh. an tSeat ar an Scéalchlár	Cineál Seat	Cur Síos ar an tSeat	Am Ceadaithe
1	21	SM	Brody á chur faoi agallamh	30 nóiméad
2	22	ST	Brody ag claonadh a chinn	5 nóiméad
3	23	SRT	Suaitheantas Póilíneachta Brody	5 nóiméad
4	24	ST	An Sáirsint Calhoun ag caint	20 nóiméad
5	25	SM	Seat beirte de Calhoun agus Brody ag cumhdach an chomhrá iomlán	30 nóiméad
6	30	SRF	Carrchlós	5 nóiméad
7	31	SF	Carr Brody	2 nóiméad
8	32	SM	Brody agus Calhoun sa charr, breathnaithe ón tosach	1 uair an chloig
9	26	SM leanúna	Ag leanúint Brody ón chúl	30 nóiméad
10	27	SM leanúna	Ag leanúint Brody ón tosach	30 nóiméad
11	28	ST	Calhoun ag scairteadh ar Brody	5 nóiméad
12	29	ST	Brody ag scairteadh ar ais	5 nóiméad
13	33	SL	Brody ag imeacht ina rith	20 nóiméad

